# Cost of Living Grant to support Post-Primary Schools in the Free Education Scheme

## 1. Introduction

Circular 0088/2024 advises that additional funding is being provided as part of the Budget 2025 cost of living measures. This is to ensure financial supports are available for recognised post-primary schools in the Free Education Scheme to meet additional energy costs and other increased day to day running costs.

## 2. Main features of the grant

- The grant will be calculated based on recognised pupil enrolment at 30th of September 2023.
- Enhanced rates are payable in respect of pupils attending special schools, special classes approved by the NCSE and traveller pupils attached to mainstream schools.
- Board of managements should continue to seek support in relation to procurement for bulk heating fuels and electricity rates from the Schools Procurement Unit website www.spu.ie.

## 3. Rates

**Cost of Living Grant rates for 2024/2025**

| Full Cost of Living Grant per-capita rates for post-primary schools in the Free Education Scheme | |
|---|---|
| **Grant Type** | **Rate** |
| Standard Grant | €55.00 |
| Special Class Grant | €36.00 |
| Traveller Grant | €39.00 |

## 4. Financial Oversight

The grant income should be recorded appropriately in the school's accounts.
The following accounting code must be used to record the grant receipt.

| Nominal Code | Description | Type | Category |
|---|---|---|---|
| 3289 | Once-Off Cost of Living Grant | Income | Department of Education |

The expenditure can be recorded to the appropriate existing nominal account for example 5510 Heating Expense or 5550 Light and Power Expense.

## 4. Reference

This guideline is based on Circular 0088/2024.

## 5. Further Information

Any queries in relation to the Circular 0088/2024 should be emailed to Schools Division Financial at sdfinfo@education.gov.ie.

Tel: 01-269 0677
info@fssu.ie

*21st November 2024*

# Deontas Costais Maireachtála chun tacú le hIar-Bhunscoileanna Scoileanna sa Scéim Oideachais Saor in Aisce

## 1. Réamhrá

Tugtar le fios i gCiorclán 0088/2024 go bhfuil maoiniú breise á sholáthar mar chuid de bhearta costais mhaireachtála i mBuiséad 2025. Déantar é seo chun a chinntiú go mbeidh tacaíochtaí airgeadais ar fáil d'iar-bhunscoileanna aitheanta sa Scéim Oideachais Saor in Aisce chun freastal ar chostais bhreise fuinnimh agus costais reatha mhéadaithe eile ó lá go lá.

## 2. Príomhghnéithe an deontais

- Déanfar an deontas a ríomh bunaithe ar rollú daltaí aitheanta amhail an 30 Meán Fómhair 2023.
- Tá na rátaí feabhsaithe iníoctha i gcás daltaí atá ag freastal ar scoileanna speisialta, ranganna speisialta arna gceadú ag an NCSE agus daltaí den Lucht Siúil atá ag freastal ar scoileanna príomhshrutha.
- Ba cheart do bhoird bhainistíochta leanúint ar aghaidh ag lorg tacaíochta maidir le ollsholáthar um bhreoslaí téimh agus rátaí leictreachais ó shuíomh gréasáin an Aonaid um Sholáthar Scoileanna www.spu.ie.

## 3. Rátaí

**Rátaí don Deontas Costais Maireachtála le haghaidh 2024/2025**

| Rátaí in aghaidh an duine don Deontas Costais Maireachtála d'iar-bhunscoileanna sa Scéim Oideachais Saor in Aisce | |
|---|---|
| **Cineál an Deontais** | **Ráta** |
| Deontas Caighdeánach | €55.00 |
| Deontas Ranga Speisialta | €36.00 |
| Deontas don Lucht Siúil | €39.00 |

## 4. Maoirseacht Airgeadais

Ba cheart an t-ioncam deontais a thaifeadadh go cuí i gcuntais na scoile.
Ní mór an cód cuntasaíochta seo a leanas a úsáid chun admháil an deontais a thaifeadadh.

| Cód Ainmniúil | Cur síos | Cineál | Catagóir |
|---|---|---|---|
| 3289 | Deontas Costas Maireachtála Aonuaire | Ioncam | An Roinn Oideachais |

Is féidir an caiteachas a thaifeadadh ar an gcuntas ainmniúil cuí atá ann cheana féin, mar shampla 5510 Costais Téimh nó 5550 Costas Solais agus Cumhachta.

**5. Tagairt**

Tá an treoirlíne seo bunaithe ar Ciorclán 0088/2024.

**6. Tuilleadh Eolais**

Ba cheart aon cheisteanna maidir le Ciorclán 0088/2024 a sheoladh chuig Rannán Airgeadais na Scoileanna ag sdfinfo@education.gov.ie

Guthán: 01-269 0677
info@fssu.ie

*An 21 Samhain 2024*